Mairg thréigeas inn, a Amhlaoibh

[Brian Ó Cuív, *Celtic Studies: Essays in memory of Angus Matheson*, ed. J. Carney and D. Greene, 92-8]

A poem attributed to Muireadhach Ó Dálaigh

1 Mairg thréigios inn, a Amhláoibh
an ghuirt úaine ubhallmháoil,
giodh mór do ghnáoi ’gus do ghráin
ní lór mur táoi ’gum thógbháil.

2 Fiche loilghioch budh dleacht damh,
searraigh urlomha Alban,
rogha gach fóid challúir cháoimh
ód mhallshúil óig, a Amhláoibh.

3 A Amhlaoibh, a fhabhra donn,
ní buidhioch inn dot fhearann,
bheith aguibh ar Aird na nEach,
mairg do chagair mo chuibhreach.

4 Ní currach ní críathrach bog
do dhleisinn d’fhagháil agad,
cuid don chill do dhligh duine,
a ghil fhinn, dá almhuire.

5 Munab áil leat ar mo láoidh
crodh is fhearann, a Amhláoibh,
bean th’fhearann is íoc an crodh,
ní dhleagham dhíot do dhomhan.

6 Cuir fiche loilghioch ar láimh
go ndearnoinn t’fhearann d’fhágbháil,
sirfiod ionadh, a chíabh cham,
ór siobhal ríamh do-rónsum.

7 Do thogras imtheacht uile
úaibh, a chneasbháin chúlbhuidhe,
do bhoing ré hÉirinn n-ealaigh
go cloinn méirsheing Muireadhaigh.

8 Ní nech úaibh, a fholt na ráon,
do fhosd mé acht an mórmhaor,
tearc don tslúagh nár fheall orm-sa
acht an sdúagh sheang shúlmhall-sa.

9 [Fiche] bó ionnlaogh áloinn

dhamh ód ghnúis mur gheallámhoinn,
[baile] sáor a Srath Leamhna,
rath táobh ris an tighearna.

10 Buar is mean is mál bracha
fúair meisi ó mhac Arbhlat[ha]
maith an fear agá bhfoghar
mean is braith is bóthoradh.

11 Maith an treas a-táthar sonn,
dá airghi d’airghibh agum,
a Dhé do mheisnigh mheathaigh,
dá sheisrigh do sheisreachaibh.

12 Ó’d-chualuis, a chúl na sgath,
mur fúair mé mórmháor Leamhnach
fásaidh, a chúl barrlag bog,
tnúdh agas farmad ionnad.

13 Cuimhnigh clann chúlchas Chonghail,
maith th’aigneadh rét ollamhnaibh,
clann Ghofraidh cuimhnigh ’mad chuing,
a Mhuimhnigh shochraidh shéghainn.

14 Cuimhnigh ós cionn do leanna
Lughaidh mór mac Oillealla,
cuimhnigh Oilill, a athair,
ós an mBoirinn mbráonsgathaigh.

15 Cuimhnigh Corc mór mac Leamhna,
cathuidhe na claoinTeamhra,
einioch Cuirc Chaisil cuimhnigh
an fhuilt mhaisigh mhíondruimnigh.

16 Do iadhsad ’mad t’aighidh ngil
na Muimhnigh is na Mainigh,
na Mainigh is na Muimhnigh
airigh agas athchuinnghidh.

17 Dá ttugthá uile dod áoidh,
a dhuine óig, a Amhláoibh,
atád sáirfhir, a bharr bog,
a-nall ré a n-áirimh iomad.

18 <M>uinntior h’athar aithnidh damh
is muinntior mhaith do mháthar,
<re> sloinneadh liom-sa um láoidh,
a choinniol fhionn-sa, a Amhláoibh.

19 Má thugas dúan ’na dúain bhinn
dhuid, a Amhláoimh, a hÉirinn,
do láoidh, a rí, a-nos do-ním,
ní bhí fros gan a froisín.

20 Ní bhí bó álainn gan oigh,
ní bhí gamhnach gan ghamhain,
dúan mholta linn gona láoidh,
a chorcra fhinn, a Amhlaoibh.

21 A Amhláoimh, a chais chorcra,
a chara ’s a chomhalta,
th’éigios baird as binn a láoidh,
mairg thréigios inn, a Amhláoibh.